

| Dáta | Leibhéal ranga Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha | Ábhar Na hAmharcealaíona |
|---|---|------------------------------------|
| Snáithe Prionta | Snáithaonad Priontaí a Dhéanamh, Breathnú agus Freagairt. | |
| Teideal Lámhphriontaí faoi Uisce a Chruthú d'Ainmhithe Mara faoin bhFarraige | | |
| Cuspóir(i) Is é aidhm an phlean ceachta ná go ndéanfaidh na leanaí cruthanna simplí agus uigeacht shimplí d'ainmhithe mara san fharraige ach lámhphriontaí úsáid. Cuirfear ar a gcumas triail a bhaint as lámhphriontaí agus as priontaí ordóige agus iad a dhéanamh arís agus arís eile agus a chomhcheangal chun radharc faoi uisce agus ainmhithe mara a chruthú. Freagróidh siad do na priontaí a cruthaíodh sa rang trína bheith ag labhairt faoina s(h)aothar féin agus faoi shaothar na leanaí eile. | | |
| Scileanna atá Riachtanach: Scileanna mínluaileacha, deaslámhachta, amharcluailleacha. | | |
| Cuspóirí foghlama Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh: Lámhphriontaí agus priontaí ordóige a dhéanamh agus a leagan amach chun radharc faoi uisce a chruthú. Breathnú ar a s(h)aothar féin agus ar shaothar daoine eile agus freagairt dóibh. | Gníomhaíochtaí foghlama Labhairt agus Plé Pléigh samplaí de dhearadh simplí priontaí sa ghnáthúsáid - póstaer, páipéar balla, fabraicí ar a bhfuil dearadh simplí athchóipeáilte arís agus arís eile nó ar a bhfuil dearadh de shaghas eile, ábhar pacála, páipéar beartán. Léigh agus pléigh "Tiddle", scéal spreagtha le Julia Donaldson. Taispeáin agus pléigh íomhánna de phictiúir lámhphriontaí, e.g. bolb. Pléigh na féidearthachtaí atá ann chun teaghlaigh éisc agus ainmhithe mara a chruthú, mar shampla: an gairéadach, ronnach, ochtapas, scuid, portán, smugairle róin agus crosóg mhara. Tá pictiúir spreagtha ar fáil ach 'marine animal handprints' a chuardach ar an Idirlíon. Obair i mBeirteanna/Grúpobair Déan radharc faoin uisce a phleanáil agus a chruthú go comhoibríoch. Cruthaigh na lámhphriontaí agus na méarphriontaí ar bhonn aonair, i mbeirteanna agus/nó i ngrúpaí. Is féidir | |

| | |
|--|--|
| | <p>ainmhithe ildaite a chruthú ach leas a bhaint as stríoca péinte de dhathanna éagsúla agus súile preabacha a ghliúáil. Déan na priontaí a leagan amach, a ghliúáil, agus a cheangal do chúlra gorm.</p> <p>Breathnú agus Freagairt: Breathnú ar a s(h)aothar féin agus ar shaothar na leanaí eile agus freagairt dóibh.</p> <hr/> <p>Acmhainní:</p> <p>Leabhar scéalta: “Tiddler” le Julia Donaldson.</p> <p>Samplaí den dóigh a n-úsáidtear priontaí chun pictiúir a chruthú e.g. lámhphrionta chun iasc a chruthú. Is féidir raon dea-shamplaí a aimsiú ar líne ach “Children’s Hand Print Sea Creatures” a chuardach.</p> <p>Páipéar beartán, páipéar balla, páipéar ealaíne A3 – ar a bhfuil priontaí.</p> <p>Péint Scuaba Uisce Siosúr agus súile preabacha Maidí gliú Radharc cúlra ghoirm</p> <p>(LEID – ciarsúir fhliucha ar mhaithe le lámha a ghlanadh)</p> |
| <p>Difreáil: An tasc, torthaí foghlama, tacaíocht ón múinteoir agus grúpáil.</p> | |
| <p>Measúnú: Breathnú ag an múinteoir, tascanna deartha ag an múinteoir, aiseolas ó bhéal, samplaí de shaothar na ndaltaí.</p> | |
| <p>Nascadh agus Comhtháthú Béarla: Saothar foghrach – larr ar na daltaí an fhuaim thosaigh a chruthú do gach</p> | |

Explorers Education Programme



ainmhí a rinne siad

Matamaitic: Feasacht suímh: suíomh na n-ainmhithe sa radharc faoi uisce. Iarr ar na daltaí úsáid a bhaint as focail amhail 'os cionn', 'faoi bhun', 'in aice' etc., chun cur síos a dhéanamh ar shuíomh na n-ainmhithe san aigéan.

Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta: Taispeáin do na leanaí dhá phictiúr atá i gcodarsnacht le chéile – trá ghlan/trá ar a bhfuil bruscar. Déanfaidh siad cur síos ar na difríochtaí eatarthu agus roghnóidh siad an trá ar bhreá leo cuairt a thabhairt uirthi agus cén fáth.